

Tidy Towns Competition 2025

Adjudication Report

Centre:	Beal an Mhuirthead - Beal an Mhuirthead	Ref:	507
County:	Mayo	Mark:	387
Category:	C	Date(s):	08/06/2025

	Maximum Mark	Mark Awarded 2024	Mark Awarded 2025
Community – Your Planning and Involvement	80	60	61
Streetscape & Public Places	80	49	51
Green Spaces and Landscaping	80	53	55
Nature and Biodiversity in your Locality	55	47	48
Sustainability – Doing more with less	55	24	25
Tidiness and Litter Control	90	66	68
Residential Streets & Housing Areas	55	36	37
Approach Roads, Streets & Lanes	55	41	42
TOTAL MARK	550	376	387

Community – Your Planning and Involvement / An Pobal - Pleanáil agus Rannpháirtíocht:

Fáilte chuig Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2025. Go raibh maith agaibh as d'iontráil a sheoladh chugainn. Maith sibh as an obair atá déanta i bhur cheantar go dtí seo - guímid gach rath oraibh i bhúr thionscadail amach anseo. Ádh mór.

Fáilte romhaibh chuig comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2025 agus go raibh maith agaibh as bhur bhfoirm iarratais, ina raibh grianghraf, léarscáil conairí (Oidhreacht agus Dúlra), agus plean dhá bhliain. Tá tacaíocht 90 – 100 oibrí deonach ag bhur gcoiste ar a bhfuil 15 duine, a bhfuil raon leathan scileanna acu, a chabhraíonn nuair a iarrtar/nuair is gá. Is grúpa iontach é seo atá agaibh ag tacú le bhur gcuid oibre. Tá cabhair agaibh freisin ó Solas, SST agus Tús. Tá áthas orainn a léamh go nglacann scoileanna, gasóga agus Foróige páirt in bhur gcuid oibre freisin mar go gcabhróidh a rannpháirtíocht leo, tá súil againn, foghlaim agus meas a bheith acu ar a mbaile agus ar mhuintir an bhaile. Glacann sibh páirt in go leor grúpaí eile freisin – ach níl aon ghá an oiread sin sonraí a thabhairt dúinn san fhoirm iarratais. Rinneadh plé air seo ar leathanaigh 5 go 9 de bhur n-iarratas – an iomarca. Feicimid go bhfuil 17 leathanach i gcatagóir na Rannpháirtíochta Pobail agus Pleanála – rófhada arís. Molaimid go láidir daoibh méid na catagóire seo a laghdú. Tugaimid faoi deara go bhfuil cuntas Instagram agaibh, cuntas 'X' (níl Twitter ann a thuilleadh) agus leathanach Facebook a chonaiceamar a bhfuil 1.9K leantóir aige. Is líon iontach ard í seo agus is maith an rud é a fheiceáil go bhfuil siad á gcoinneáil suas chun dáta. Ní mór gach cuntas meán sóisialta poiblí a nuashonrú go rialta chun spéis na leantóirí a choinneáil. Is iontach an bhaint atá agaibh leis an gcomórtas Bailte Slachtmhara le 43 bliana anuas agus léimid nach amháin gur tháinig feabhsuithe amhairc ar an mbaile ach gur chuir rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail bród orthu as a mbaile.

Féach ar na Nótaí Deiridh le haghaidh comhairle maidir leis an bhfoirm iarratais a líonadh agus léarscáil a sholáthar.

Streetscape & Public Places / Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí:

Tá réimse leathan stíleanna ailtireachta in bhur mbaile, atá suite idir Cuan an Fhóid Duibh agus Bá Inbhir, rud a thugann neart agus carachtar iontach dó. Nascann na bóithre rochtana, an R313 agus an L5285 (Sráid na hEaglaise), le chéile sa chearnóg lárnach. Tá réimse foirgneamh dhá agus trí stór anseo - cónaithe agus tráchtála taobh le taobh. Ar an mbealach isteach go Béal an Mhuirthead thugamar cuairt ar na scoileanna agus thaitin dealbh Naomh Breandán ar thailte na meánscoile go mór linn. Tá an tseanché go hálainn ar Bhóthar an Chladaigh. Thaitin an dromchla go mór linn – tá súil againn nach gclúdóidh innealtóirí Chomhairle Chontae Mhaigh Eo é le coincreít mar a chonaiceamar in áiteanna eile i Maigh Eo. If fiú labhairt leo faoina bpleananna don cheantar seo. Bhí sé go hálainn an t-eolas a léamh faoi Eibhear an Fhóid Duibh; d'fhoghlaimíomar go n-úsáidfí é ar fud an domhain i leaca agus i bhfoirgnimh phoiblí. Tá an limistéar inar léamar an fhaisnéis míshlachtmhar go leor agus, i ndáiríre, ba

chóir go mbeadh limistéar suí ar fáil ar Bhóthar an Chladaigh. B'fhéidir gur tionscadal é seo a d'fhéadfaí a mheas do bhur bPlean Cúig Bliana. Is é Teach na Canála bhur bpríomhthionscadal ó 2024. Le Plean Gnímh Phobal Bhéal an Mhuirthead 2019-2024 i bhfeidhm, bronnadh deontas €500,000 oraibh chun an struchtúr seo a fhorbairt. Is éacht iontach é seo daoibh agus osclófar mól óige go luath a úsáidfíh Foróige agus grúpaí óige eile. Bhíomar an-tógtha leis nuair a thugamar cuairt air agus tá suíomh iontach aige mar go gcuirfidh sé beocht i lár an bhaile. Thaitin roinnt de na haghaidheanna siopaí linn a chuireann le carachtar na sráide – m.sh. O'D's agus an geata álainn in aice leis. Tugadh an obair a rinneadh ar an gclós súgartha faoi deara. Baineadh úsáid mhaith as an áis seo nuair a thugamar cuairt air. Léifimid faoin gCé in iarratais amach anseo mar is tionscadal amach anseo é. Tá na túir uisce atá ag breathnú amach ar an mbaile go hálainn sa spéirlíne – trí chineál dealbhóireachta éagsúla. An mbeadh cead agaibh múrmhaisiú a mbaineann le bhur bpobal a phéinteáil orthu? Bheadh sé seo go hiontach don bhaile mar gheall ar a suíomh. Cosúil le gach baile agus sráidbhaile in Éirinn, tá foirgnimh thréigthe ann a chuireann isteach ar an tírdhreach sráide. Bhí áthas orainn a léamh go ndearnadh forbairtí ar chuid de na suíomhanna seo agus tá súil againn go dtarlóidh níos mó le himeacht ama, go háirithe ar na príomhshráideanna agus i lár an bhaile. Tá easpa ainmneacha sráide i lár an bhaile. Is fiú labhairt le Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus iarraidh orthu é seo a réiteach. Bhí sé spéisiúil a léamh faoi Phlean Knight do Bhéal an Mhuirthead agus taifid an Chumainn Staire ó Synges agus Yeats.

Green Spaces and Landscaping / Spásanna Glasa agus Tírdhreachú:

Cé nach bhfuil páirc phoiblí mhór ná spás glas agaibh, tá roinnt limistéar agaibh a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu le haghaidh siúlóide agus atá thar a bheith taitneamhach. Thaitin an limistéar feadh an chuain go mór linn agus an ceantar feadh Bhóthar an Chladaigh chomh maith ag breathnú amach ar Bhá an Fhóid Duibh. D'athraigh sibh cuid de bhur bplandáil i mbliana agus comhairle á fáil agaibh ó bheirt saineolaithe. Thaitin an obair a rinneadh ar Chnoc an Chrotaigh go mór linn agus táimid ag tnúth le cuairt a thabhairt arís chun an dul chun cinn a fheiceáil. Bhí an ceantar mar chluain feadh Bhruach na Canála an-taitneamhach – bhí daoine ag siúl feadh an chosáin, rud a bhí go maith le feiceáil. Caitear aird a thabhairt don Ghunnaire anseo. Tá grianghraf iontach agaibh de na plandaí a d'éirigh libh a thógáil. Molaimid an t-am a chaith sibh ar na síolta a bhailiú. Is iontach an sásamh bhur bplandaí féin nach ndéanann dochar do phailneoirí a fhás, bhur síolta féin a shábháil nó plandaí a fháil mar bhronntanais ó ghairraíodóirí áitiúla díograiseacha. Tá sé éifeachtach ó thaobh costas agus seachnaíonn sé an dramhaíl a bhaineann le cineálacha a cheannaítear i siopaí freisin. Is iontach an tionscadal é Béal an Mhuirthead 200. Phlandáil sibh 200 crann dúchasach, lena n-áirítear saileach agus fearnóg. Tá súil agam go n-éireoidh leis na crainn seo ach caitear aird a thabhairt dóibh chun cabhrú leo maireachtáil. Is iontach an obair a dhéanann sibh le Western Care. Tá Gairdín Naomh Bríd, lena spás sábháilte dóibh siúd atá néareolaíoch, ag teastáil in go leor pobal. Feicimid go bhfuil baint agaibh le córas bearrtha féir freisin. Tógann sé am córas bearrtha féir a chur i bhfeidhm chun bláthanna fiána a spreagadh ach is féidir leis na torthaí a bheith níos fearr don bhiathéagsúlacht ná síolta bláthanna fiána a chur. Tugadh an obair ar Fheirm an Bhaile/Páirc an Bhaile faoi deara. Tá gá le haird a thabhairt ar roinnt de na crainn feadh tosaigh Choláiste Bhreandáin Naofa. Coinníonn sibh roinnt leapacha plandála timpeall an bhaile - an ceann a thaitin go mór libh ná an ceann ag Water Walk. Bíonn tionchar mór ag struchtúr na leapa, an meascán plandála (leibhéil íseal agus ard) agus dathanna na mbláthanna ar an tírdhreach sráide. Mar an gcéanna, tá an leaba plandála sa phríomhchearnóg go hálainn - lán le plandaí nach ndéanann dochar do phailneoirí agus dath iontach orthu. Coinníonn sibh go leor soithí plandaí. Molaimid do phobail plandáil go díreach sa talamh agus ní úsáidfimid ach soithí plandaí nuair nach féidir é sin a dhéanamh. Cuimhnígi oraibh gurb iad na coimeádáin plandaí is fearr ná iad siúd atá i bhfolach ag na plandaí.

Nature and Biodiversity in your Locality / An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht i do cheantar:

Tá sibh suite idir Bá an Fhóid Duibh agus Bá an Inbhir, agus is limistéir faoi Chosaint Speisialta iad araon le tailte fliucha agus féarthailte cósta ina bhfuil réimse leathan éan, lena n-áirítear crotaigh, geabhróga, luatharáin, pilibíní, cadhain srl. Ina theannta sin, tá na lábáin agus na réileáin ghainimh agus na dumhcha aistritheacha de Chóimpléasc Bhá an Fhóid Duibh in aice láimhe. Is limistéar iontach é seo don dúlra agus feicimid go bhfuil sibh tiomanta do bhur gcuid oibre i réimse na bhiathéagsúlachta. Léamar ar bhur gcuntas 'X' faoi thionscadal Bhumbóg Bhuí Mhór - tugaigí an t-eolas is déanaí dúinn faoin BioBlitz an bhliain seo chugainn. Bhí ceardlann sábhála síolta agaibh le saineolaí. Ar fhreastail mórán ar an gceardlann? An raibh toradh maith agaibh ar na síolta a shábháil sibh a fhás? In áiteanna eile sa bhaile, d'uasghrádaigh sibh bhur gcóras plandála le cinn atá níos oiriúnaí do phailneoirí. Aontaímid leis an gcur chuige seo maidir le plandáil. Leis na comhairleoirí saineolacha atá agaibh, táimid ag tnúth le léamh faoi rath bhur dtionscadail nua sna blianta amach romhainn. Is maith an rud é go nglacann sibh páirt sa chomhaireamh FIT. Molaimid do phobail páirt a ghlacadh ach ní mór daoibh a chur in iúl dúinn faoin méadú/laghdú ar líon na bhfeithidí gach bliain. Cén obair a dhéanann sibh leis na scoileanna áitiúla i ndáil leis na Bratacha Glasa? An bhfuil baint agaibh le glasraí a fhás i leapacha ardaithe nó múirín a dhéanamh? Is rud é seo ba chóir daoibh smaoineamh faoi gach bliain, le rang a 5, b'fhéidir. Go raibh maith agaibh as comhaireamh na mbeach ar an 26 Aibreán a roinnt - is é seo an cineál eolais a dhíríonn ar ghrúpaí Bailte Slachtmhara a dtimpeallacht a thuiscint. Ná déanaigí dearmad bunachar sonraí a dhéanamh (agus é a roinnt linn) den chomhaireamh beach gach bliain, áfach, ionas gur féidir libh líon/speicis a chur i gcomparáid. Bhí bhur léarscáil, Áiteanna Arna Bhainistiú don Fhiadúlra, an-eolasach.

Sustainability – Doing more with less / Inmharthanacht - Mórán ar an mbeagán:

Baineann an chatagóir seo le breathnú ar an gcaoi a bhféadfadh an pobal ina iomláine dramhaíl a laghdú agus airgead a shábháil ar uisce, fuinneamh agus iompar. Ba bhreá linn a fháil amach an ndearna sibh aon suirbhé ar a bhfuil á dhéanamh ag an bpobal. Níl sé deacair é a eagrú agus beidh iontas oraibh faoi na rudaí atá á ndéanamh ag daoine ina n-aonar agus ansin arís faoi na daoine nach bhfuil go leor eolais acu. An bhfuil aithne agaibh ar ghrúpaí/gnólaigh pobail eile agus a gcur chuige i leith na hinbhuanaitheachta? Cuirigí in iúl dúinn cad atá á

dhéanamh ag daoine eile agus conas a ndearna sibh plé leo. Cad atá á dhéanamh ag siopaí áitiúla le dramhaíl bia, pacáistiú srl.? Cad atá na siopaí caife a dhéanamh lena gcuid meilte caife dramhaíola? Luaigh sibh an ócáid siopa carthanachta - 'shop, style and shine' agus gur díriodh ar athchúrsáil inti le táilliúir chun cabhrú leo siúd a bhí i láthair. An bhfuil daoine eile in bhur mbaile a dheisíonn earraí? An bhfuil déantóirí éadaí, siopaí deisiúcháin rothair, siopaí deisiúcháin leictreachais, siúinéirí a athchúrsálann seantroscán, siopaí deisiúcháin fón póca, gréasaithe, srl. agaibh? Is liosta le háireamh é. B'fhéidir go bhféadfaí liosta a dhéanamh díobh siúd a dhéanann athchúrsáil/deisiú ar earraí agus é a chur ar bhur leathanaigh Facebook agus Instagram. Beidh iontas oraibh cé mhéad duine i mbaile chomh mór le Béal an Mhuirthead a bhfuil na scileanna acu chun deisiúcháin chasta a dhéanamh agus cé chomh beag is atá a fhios ag daoine go bhfuil siad ann.

Tá réimse glasraí agus luibheanna agaibh ar Fheirm an Bhaile agus úsáideann sibh an spás chun críocha oideachais chun smaointe Fás Féin a chur chun cinn – cuirigí in iúl dúinn faoi chainteanna srl. agus seolaigí roinnt grianghraf. Chuir sibh gleorán agus gairleog freisin chun feithidí 'díobhálacha' a mhealladh agus boráiste agus lus mín chun feithidí 'úsáideacha' a mhealladh. Is iontach an rud é na daltaí idirbhliana a fheiceáil ag obair libh in bhur bpolathollán. Comhghairdeas le Leabharlann Bhéal an Mhuirthead as an trealamh cóisire in-athúsáidte a fháil ar cíós. Is éacht mór daoibhse agus do Chomhlacht Chontae Mhaigh Eo é Úllord Naomh Bríd ar thalamh a bhí lán den ghunnaire ionrach – maith sibh go léir a raibh baint acu leis.

Tidiness and Litter Control / Slachtmhaireacht agus Rialú Bruscair:

Tá imeacht Ghlanadh an Earraigh agaibh ag deireadh mhí na Bealtaine, beagáinín níos déanaí ná pobail eile ach le fócas an phobail ar an ngá atá le faireachas i leith bruscair, dumpáil mhídhleathach agus fás fiailí, i ndáiríre níl aon tábhacht leis an dáta. Nuair a thugamar cuairt, bhí an baile sách glan i bhformhór na háite, mar sin tá bhur n-oibrithe deonacha le moladh. Léamar go bhfuil comhoibriú idir an Club Snámha agus coiste na mBailte Slachtmhara maidir le slacht Bhóthar an Chladaigh. Is cúnamh mór é seo mar bhí an limistéar sin thar a bheith gnóthach nuair a thugamar cuairt. An ndearna sibh teagmháil le gnólachtaí chun an limistéar lasmuigh dá réadmhaoin a choinneáil glan ó fhás fiailí agus saor ó bhruscar? De ghnáth bíonn iomaíocht bheag shláintiúil idir gnólachtaí mar thoradh air seo, rud a bhíonn spraoi ag baint leis. I bhformhór na mbailte, ní mór don chomhairle na sráideanna a scuabadh go meicniúil go rialta mar go mbeadh an pobal faoi bhrú ag an méid bóithre atá le cothabháil. Tá áthas orainn a léamh go dtugann Comhairle Chontae Mhaigh Eo aire do bhur sráideanna go rialta agus go gcuireann sibhse agus bhur n-oibrithe deonacha leis seo trí bhruscar a bhailiú go rialta, go háirithe i limistéir nach féidir leis an innealra dul thart iontu. Mar phobal cósta, glacann sibh páirt freisin i gclár Chósta Glan an Taisce. Is obair bhreise í seo do phobail atá lonnaithe timpeall ár gcóstaí, agus molaimid sibh as páirt a ghlacadh mar tá sé ríthábhachtach ár dtránna agus ár gcladach creagach a choinneáil saor ó bhruscar agus ó shalachar. Tá gá le glanadh a dhéanamh ar roinnt de bhur gcomharthaí m.sh. Clann Lir etc. Chomh maith leis sin, tá gá le péinteáil a dhéanamh ar roinnt mhaith cuailí solais. Tá suíochán 'i bhfolach' taobh thiar de chomhartha ar Bhóthar an Bhaile Ghlais a bheadh AN-mhíthaitneamhach le húsáid - athlonnadh é.

Residential Streets & Housing Areas / Sráideanna Cónaithe & Ceantair Tithíochta:

Tá réimse leathan tithíochta agaibh. Tithe baile feadh na bpríomhshráideanna, tithe sraithe feadh bóithre beaga, tithe aonair suite i ngairdíní móra ar na bóithre isteach agus tithe scoite agus leathscoite sna heastáit tithíochta iomadúla atá scaipthe timpeall an bhaile. Ina theannta sin, tugadh faoi deara roinnt coimpléasc árasán. Is féidir rochtain a fháil ar bhur n-eastáit tithíochta, a chríochnaíonn i cul-de-sac de ghnáth, ón R313, Sráid na hEaglaise nó Bóthar na Trá. Thugamar cuairt ar roinnt mhaith acu agus fuairamar amach go raibh ról dearfach ag na cónaitheoirí, cuid acu le ballaí teorann nó fálta tithe péinteáilte as an nua. Go ginearálta, bhí na cinn a raibh gairdíní acu dea-chothabháilte le teorainneacha toir nó luibheacha ag líneáil na gcosán go dtí na doirse tosaigh. Bhí toir nó crainn ornáideacha ag cuid acu a chuireann gné dhinimiciúil leis an gceantar. Cuireadh in iúl dúinn, seachas cúpla ceann, go ndéantar bainistíocht ar na spásanna glasa pobail oscailte don fhiadhúlra. Glactar leis an gcur chuige seo i gcónaí agus molaimid do chomhlachais chónaitheoirí cead a thabhairt do na limistéir nach bhfuil gá leo le haghaidh súgartha a bheith á mbainistiú chun bláthanna fiána agus féara a tháirgeadh mar bhia d'éin agus d'fheithidí agus féara fada mar ghnáthóga do mhamaigh bheaga. Is féidir cosáin a ghearradh trí na limistéir seo chun rochtain a cheadú agus le haghaidh bealach spraíúil do leanaí. Tugadh faoi deara magairlínní fiána i gceann de na heastáit mar thoradh ar an réimeas lomtha bainistithe. Cuimhnigh go bhfuil comharthaíocht (fiú má chuirtear ann é le dea-thoil) ina praiseach, mar sin más féidir libh maireachtáil gan an chomharthaíocht, mholfaimis é seo. Molaimid go gcuirfí roschoill nó dhó sna spásanna oscailte in go leor de bhur n-eastáit tithíochta. Má chuirtear crainn le chéile, seachas i ndiaidh a chéile, i dtírdhreach oscailte, mar atá agaibhse, tá seans níos fearr acu maireachtáil. Ná cuir ach crainn a fhásann go maith go háitiúil mar is iad seo a bhfuil an seans is fearr acu maireachtáil. Thaitin an limistéar picnice agus dealbh na gceithre ghaoth go mór linn ar Bhóthar na Trá. Tá suíocháin tábhachtach in eastáit tithíochta mar spreagann sé na cónaitheoirí chun suí le chéile agus comhrá a dhéanamh.

Approach Roads, Streets & Lanes / Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí:

Tháinig muid isteach chuig Béal an Mhuirthead feadh bhóthar cósta an R313 atá sách oscailte ar a dtugtar radhairc iontach i dtreo bhur mbaile agus amach go Bá an Inbhir. Bhí an bóthar thar a bheith gnóthach agus mar sin iarraidimid oraibh a bheith an-chúramach agus sibh ag déanamh bhur bplandála, péinteála srl. feadh an bhóthair seo. Athphéiteáladh bhur gcomharthaí ainm go cúramach agus tá siad furasta le léamh - tá iad siúd a bhfuil lámh sheasta acu a dhéanann an obair chrua seo le moladh. Bhí áthas orainn a fheiceáil gur úsáideadh péint dhubh ar an gcloch mar is fusa é seo a léamh ná bán. Ar an drochuair, úsáideann go leor pobal péint éadrom ar chloch éadrom (e.g. eibhear agus gaineamhchloch) mar ainm a mbaile/sráidbhaile. Is feabhas ollmhór é an fál nua ar Bhóthar Bhaile na bhFód. Tá sé tábhachtach limistéir mar seo a dheisiú chun bhur dtírdhreach tarraingteach a choinneáil. Mar an gcéanna, bhí cuma mhaith ar Bhóthar Túir Ghlais leis an gcosán nua, na clocha beaga agus na

leapacha plandála ardaithe. Is mór an trua é gur úsáideadh píosaí móra coincreíte i gcuid de na cosáin sa bhaile nuair is leaca pábhála an dromchla máguaird. Cén fáth ar cuireadh iad seo isteach? Tá súil againn nach mbeidh sé ann ar feadh i bhfad agus go gcuirfear leaca pábhála isteach arís. Thaitin an áit linn ar chuir sibh na crainn feadh na talún a scarann foirgnimh Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann ó Pháirc an Choláiste. An bhfuil sé ar intinn agaibh é seo a oscailt mar chosán coisithe idir Bóthar an Chladaigh agus Bóthar an Tuair Ghlais? Dhéanfadh sé seo bealach siúil ciorclach iontach don phobal. Thaitin an cosán agus na ráillí nua linn ag deireadh Bhóthar an Chladaigh a thugann radharc iontach amach ar an bhfarraige agus atá sábháilte don choisí ag an am céanna. Comhghairdeas leis an múinteoir agus le daltaí na hidirbhliana ó Mheánscoil Mhuire as cur i láthair 'The Boat and Sail'.

Concluding Remarks:

Bhaineamar an-taitneamh as cuairt a thabhairt ar bhur sráidbhaile agus molaimid bhur gcuid oibre... ach tá cúpla moladh againn do 2026 –

- San Fhoirm Iarratais, uimhrígí na tionscadail Nua (N1, N2, N3 srl.) agus M (M1, M2, M3 srl.) le bhur dtoil. An córas uimhrithe céanna le húsáid chun suíomhanna na dtionscadal seo a léiriú ar léarscáil – N1, N2, N3 srl. agus M1, M2, M3 srl. Más mian libh, is féidir libh cód dathanna a chur ar na catagóirí éagsúla chun é a dhéanamh níos soiléire fós agus ansin na dathanna seo a aistriú chuig an léarscáil. Is chun cabhrú leis na moltóirí a mbealach a dhéanamh timpeall bhur sráidbhaile agus na tionscadail nó suíomhanna tionscadal éagsúla a fheiceáil atá sé seo. Déanta na fírinne, thóg sé tamall orainn cuid de bhur dtionscadail a aimsiú.
- Molaimid daoibh bhur bPlean a athbhreithniú chun go gcomhlíonfaidh sé na catagóirí i bhfoirm iarratais na mBailte Slachtmhara. Molaimid Plean Cúig Bliana seachas Plean Dhá Bhliain mar go dtógann go leor gníomhaíochtaí/tionscadal i bhfad níos mó ná dhá bhliain le cur i gcrích. Ba chóir go léireofaí sa phlean cé ar an gcoiste a bheadh i gceannas ar an ngníomhaíocht/tionscadal, ainmneacha na gcomhoibritheoirí go léir (Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Foróige, srl.) agus ba chóir go léireofaí ann dul chun cinn gach bliain le 'tic' a rá gur tugadh faoi/gur críochnaíodh é. Molaimid gur fearr é seo ná go gearrthéarmach/ go meántéarmach nó go fadtéarmach mar go léireoidh sé dul chun cinn go bliantúil. Is fearr scarbhileog Excel chuige seo seachas doiciméad Word. Ná bíodh inní oraibh mura bhfuil tionscadail/gníomhaíochtaí agaibh faoi gach catagóir.
- Níor cheart go mbeadh tionscadail amach anseo in bhur bplean ACH AMHÁIN nuair a cuireadh i gcrích iad cheana féin, agus ansin amháin, ba cheart dóibh a bheith san Fhoirm Iarratais mar Thionscadail Nua. Rinneadh an leasú seo ar an bhFoirm Iarratais roinnt blianta ó shin.
- Roghnaigh an catagóir IS FEARR do bhur dtionscadal, m.sh. ba chóir go mbeadh an Obair Bhithéagsúlachta faoi Dhúlra agus Bithéagsúlacht in bhur gCeantar agus ní faoi Fhorbairt agus Pleanáil Pobail. Agus tá go leor eile ann. Chomh maith leis sin, ná luaigh tionscadal/gníomhaíocht an dara huair - is leor uair amháin.
- Laghdóidh sé seo líon na leathanach in bhur bhfoirm iarratais (51 leathanach i mbliana) rud a bheidh cabhrach. Don bhliain seo chugainn, déanaigí iarracht míreanna fada téacs a sheachaint agus smaoinígí ar úsáid pointí urchair in ionad na míreanna níos faide seo. Mar thoradh air seo, beidh an doiciméad níos soiléire agus beidh an fhoirm iontrála níos éasca le léamh.

Ba mhaith linn a rá nach cáineadh ar bhur guid oibre atá anseo ach míniú go mbímid, mar mholtóirí, ag brath ar fhoirm iarratais shoiléir agus léarscáil chun sinn a chur ar an eolas faoi bhur dtionscadail agus chun luach a chur lenár gcuid. Go raibh maith agaibh as cur isteach ar chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2025. Ba mhór an pléisiúr dúinn moltóireacht a dhéanamh ar Bhéal an Mhuirthead.